

BILEOG OIBRE 5A: Spórt in Albain

Nuair a chuaigh na hÉireannaigh ar imirce go dtí tíortha eile scaip traidisiún na hiománaíochta i bhfad agus i gcéin. Bhí Albain ar cheann de na háiteanna a ndeachaigh na hÉireannaigh ar imirce agus thug siad an iománaíocht leo go hAlbain.

**Tasc 1: Aimsigh Albain ar an gcruinneog. Cén dath atá ar bhratach na hAlban?
Conas a thaistileofá go hAlbain?**

Níor fhan an cluiche díreach mar an gcéanna, áfach. Chuir na hAlbanaigh an cluiche in oiriúint dóibh féin agus ghlaoigh siad 'Camánaíocht' nó Sínteag (Shinty) air. Glaoitear 'camanachd' nó 'iomain' ar 'chamánaíocht' freisin.

Tasc 2: An gcuireann na focail seo focal Gaeilge ar bith a úsáidimid inniu i gcuimhne duit?

'Rialacha camánaíochta'

Cosúil le hiománaíocht, camógaíocht, liathróid láimhe, peil agus cluiche corr, bhí rialacha ag teastáil chun camánaíocht a imirt. Scríobh daoine na chéad rialacha ag deireadh an 19ú haois. Tá rialacha don chamánaíocht ag do mhúinteoir; is féidir libh na cosúlaíochtaí idir na cluichí a phlé. Bíonn cluiche idirnáisiúnta ar siúl go bliantúil idir Albain agus Éire chun cuimhneamh gur de bhunús na hÉireann an chamánaíocht, Tá sraith rialacha comhghéillte curtha le chéile ionas nach mbeidh buntáiste ag ceachtar foireann.

Tasc 3: Faigh amach cad iad na tíortha a ndeachaigh na hÉireannaigh ar imirce chucu thart ar an 19ú haois agus aimsigh na háiteanna seo ar an gcruinneog/mapa.


Tasc 4: Déan comparáid idir an camán agus an liathróid camánaíochta le camán agus sliotar na hÉireann.
Cad atá mar an gcéanna?
Cad atá difriúil?

Tasc 5: Déan taighde ar an tsraith iomlán rialacha ar <http://shinty.com/fullrules.htm>
Cuir na rialacha i gcomparáid le rialacha na hiománaíochta.
Déan liosta de na rudaí atá mar an gcéanna agus na rudaí atá difriúil

Tasc 6: Faigh amach cad iad na rialacha a úsáidtear san Iománaíocht/Camánaíocht Idirnáisiúnta <http://shinty.com/composite.htm>
Déan comparáid idir an chamánaíocht in Albain agus an iománaíocht in Éirinn

Tasc 7: Déan iarracht fáil amach cá raibh an cluiche Iománaíochta/Camánaíochta deireanach ar siúl agus cá mbeidh an chéad chluiche eile ar siúl. Aimsigh ar do mhapa é.

Dá mbeadh ort bratach don dá thír a dhearadh chun tabhairt chuig an gcluiche leat cén dath a bheadh ar na bratacha?



BILEOG OIBRE 5B: Spórt san Astráil

Aussie Rules

Thosaigh daoine ag imirt peil Astrálach nó peil le rialacha Astrálacha i Melbourne na hAstráile go déanach sna 1850í. Tugtar Aussie Rules go coitianta uirthi seo.

- Bíonn 18 imreoir ag gach foireann.
- Bíonn an pháirc imeartha 185 méadar ar fhad de ghnáth.
- Bíonn an pháirc agus an liathróid araon ubhchruthach.
- Is féidir cic nó dorn dúnta a úsáid chun an liathróid a thiomáint chun tosaigh. Níl cead an liathróid a chaitheamh.
- Is féidir le himreoir rith leis an liathróid ach caithfear í a phreabadh nó a theagmháil gach 15 méadar.
- Is féidir céile comhraic a ghreamú (tackle).
- Nuair a ghreamaítear imreoir, caithfidh an t-imreoir sin fail réidh leis an liathróid nó tá an baol ann go ngearrfar pionós ar an imreoir toisc an liathróid a bheith ina s(h)eilbh.
- Tá ceithre chuaille ingearacha ag dhá cheann na páirce. Is iad na cuailí báire an péire sa lár agus tugtar na cuailí cúl ar na cuailí taobh amuigh.
- Faigheann foireann cúl nuair a théann an liathróid trí na cuailí báire ag airde ar bith. Is fiú 6 phointe cúl. Is féidir leis an liathróid dul tríd an aer nó preabadh tríd ach ní féidir le himreoir as ceachtar den dá fhoireann teagmháil a dhéanamh leis an liathróid agus í ar a bealach.
- Faigheann foireann pointe cúl nuair a thrasnaíonn an liathróid an líne idir ceann de na cuailí báire agus cuaille cúl nó má theagmhaíonn an liathróid ceann de na cuailí báire. Is fiú 1 phointe gach scór cúl.
- Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an líon is mó pointí ag deireadh gach cluiche.
- Tá cluichí ar bun idir foirne as an Astráil agus as Éirinn ó 1967 i leith.
- Tá sraitheanna rialacha comhghéillte curtha i dtoll a chéile. Bhí an chéad chluiche oifigiúil Peile de réir Rialacha Idirnáisiúnta ar siúl sa bhliain 1984; bíonn siad ar siúl i mí Dheireadh Fómhair nó mí na Samhna.

Tasc 1: Aimsigh an Astráil ar an mapa/ar an gcruinneog. Tarraing bratach na hAstráile. Ag úsáid do mhapa pleanáil bealach chun taisteal chuig an Astráil

Tasc 2: Aimsigh Melbourne ar mhapa na hAstráile

Tasc 3: (comhtháthú le mata) Déan comparáid idir cruth staid C.L.G. agus staid ubhchruthach Aussie rules.

Task 4: (comhtháthú le mata) Oibrigh amach na scóir agus pioc amach an buaiteoir.
Foireann A: 10 gcúl agus 10 bpointe cúl Foireann B: 9 gcúl agus 18 bpointe cúl

Task 5: Tarraing staid ubhchruthach agus liathróid ubhchruthach Aussie rules agus anisn páirc agus trealamh an C.L.G. Cuir i gcomparáid lena chéile iad.

Tasc 6: Cuir cluiche Aussie Rules agus cluiche peil C.L.G. i gcomparáid lena chéile.

Tasc 7: Déan taighde ar bhunús peil Aussie rules. Déan amlíne.
http://en.wikipedia.org/wiki/Australian_Rules_Football

Tasc 8: Déan taighde chun fáil amach cé na himreoirí contae a roghnaíodh don chluiche deireanach Rialacha Idirnáisiúnta.

Tasc 9: Tarraing barra-chairt chun na himreoirí as gach contae a léiriú.

Tasc 10: Tá cluichí an C.L.G. fós ag scaipeadh ar fud an domhain. Ag úsáid www.gaa.ie faigh amach cé na tíortha a imríonn cluichí Gaelacha agus aimsigh na háiteanna seo ar do chruinneog/mapa.



BILEOG OIBRE 5C: Spórt san Astráil

Tasc 1: Féach ar mhapa na hÉireann agus pléigh iad seo a leanas:

Cé na contaetha a théann tú tríthu chun taisteal:

- Ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath do Chluiche Ceannais na hÉireann?
- Ó Dhún na nGall go Baile Átha Cliath do Chluiche Ceannais na hÉireann?
- Ó Loch Garman go Baile Átha Cliath do Chluiche Ceannais na hÉireann?
- Ó Ghailimh go Baile Átha Cliath do Chluiche Ceannais na hÉireann?
- Ó Chill Chainnigh go Baile Átha Cliath do Chluiche Ceannais na hÉireann?

Tasc 2: Déan liosta de na modhanna éagsúla taistil a d'fhéadfá úsáid do na haistir éagsúla

Tasc 3: Féach ar http://www.theaa.com/travelwatch/planner_main.jsp Anois pleanáil bealach ó do chontae féin go dtí na háiteanna seo a leanas:

- (a) Staid Semple (Durlas)
- (b) Páirc an Chrócaigh (Baile Átha Cliath)
- (c) Páirc Uí Chaoimh (Corcaigh)
- (d) Páirc Naomh Tiernach (Cluain Eois)
- (e) Páirc Loch Garman (Loch Garman)
- (f) Páirc Uí Nualláin (Cill Chainnigh)
- (g) Páirc Bhreifne Kingspan (Cabhán)
- (h) Páirc Mhic Cumhaill (Dún na nGall)
- (i) Páirc Mhic Éil (Maigh Eo)
- (j) Páirc Uí Éallaithe (Tír Eoghain)
- (k) Staid Mhic Gearailt (Cill Airne)
- (l) Páirc Dr.Cullen (Ceatharlach)

Tasc 4: Lean na bealaí do gach aistear agus pioc amach

- (a) na contaetha agus
 - (b) na bailte
- a dtéann tú tríthu

Tasc 5: An féidir leat dhá bhealach eile a aimsiú do gach aistear freisin?

Cé acu den phéire is tapúla?



Tasc 6: Aimsigh eolas faoi thriúr a bhfuil na staideanna thuas ainmnithe ina ndiaidh.



BILEOG OIBRE 5 D: Pobal Áitiúil

Bíonn iarracht mhór ar bhonn deonach i gceist chun a chinntiú go mbeidh rath ar an C.L.G.

Cad iad na heagraíochtaí i do cheantarsa a thugann tacaíocht don C.L.G.?

Cén spórt a chuireann said chun cinn? _____

Ainmnigh na rólanna éagsúla atá ag na daoine i do chlub.

Cé chomh tábhachtach is atá na daoine seo agus cén fáth?

Cé na daoine a bheadh tábhachtach maidir le feidhmiú club ar bhonn laethúil agus cén fáth a mbeadh na daoine seo tábhachtach?

Mar shampla: _____

cisteoir _____

rúnaí cathaoirleach _____

traenálaíthe _____

Tarraing an bratach agus an círin (crest) a dhéanann ionadaíocht ar do chlub áitiúil/do chlubanna áitiúla.



BILEOG OIBRE 5E: Éire

